2025/2405

28.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2405 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Samhain 2024

maidir le rialú cánach SA.38944 (2014/C) (ex 2014/NN) – Lucsamburg, cabhair líomhnaithe do Amazon

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8565)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 108(2) de,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, agus go háirithe Airteagal 62(1)(a) de,

Tar éis a iarraidh ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a chur isteach de bhun na bhforálacha thuasluaite ([1]) agus ag féachaint dá gcuid barúlacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

(1) I litir dar dáta an 24 Meitheamh 2014, sheol an Coimisiún iarraidh ar fhaisnéis chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg ('Lucsamburg') maidir lena cleachtas rialaithe cánach i ndáil le grúpa cuideachtaí Amazon ('Amazon' nó 'grúpa Amazon').

(2) Sa litir sin, d'iarr an Coimisiún gach rialú cánach a tugadh do ghrúpa Amazon a bhí fós i bhfeidhm an tráth sin. I ríomhphost dár dáta an 18 Iúil 2014, d'iarr Lucsamburg síneadh ar an sprioc-am chun freagairt don litir ón gCoimisiún, agus ceadaíodh an síneadh sin.

(3) An 4 Lúnasa 2014, d'fhreagair Lucsamburg d'iarraidh ón gCoimisiún an 24 Meitheamh 2014. Chuir sé i gceangal lena fhreagra, *inter alia*, litir dar dáta an 6 Samhain 2003 ('rialú cánach faoi chonspóid' nó 'APA Amazon') a sheol an Administration des contributions directes ('údarás cánach Lucsamburg') chuig Amazon.com, Inc.

(4) An 7 Deireadh Fómhair 2014, ghlac an Coimisiún cinneadh chun an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 108(2) den Chonradh i ndáil leis an rialú cánach faoi chonspóid ar an bhforas go raibh amhras mór air faoi chomhoiriúnacht an bhirt sin don mhargadh inmheánach ('an Cinneadh Tosaigh') ([2]). Sa chinneadh sin, iarradh ar Lucsamburg faisnéis bhreise a sholáthar faoin rialú cánach faoi chonspóid ([3]).

(5) I litir dar dáta an 21 Samhain 2014, chuir Lucsamburg isteach a bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh. Áiríodh tuarascáil ar phraghsáil aistrithe *inter alia* leis an aighneacht sin.

(6) An 6 Feabhra 2015, foilsíodh an Cinneadh Tosaigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]). Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha maidir leis an gcinneadh sin a chur isteach.

(7) I litir dar dáta an 13 Feabhra 2015, sheol an Coimisiún iarraidh bhreise ar fhaisnéis chuig Lucsamburg.

(8) I litir dar dáta an 5 Márta 2015, chuir Amazon isteach a bharúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh. Chuir tríú páirtithe barúlacha maidir leis an gCinneadh Tosaigh isteach freisin.

([1]) IO C 44, 6.2.2015, lch. 13.
([2]) Ba ann do roinnt malartuithe maidir le rúndacht, ach ní luaitear iad ar leithligh sa Roinn seo.
([3]) IO C 44, 6.2.2015, lch. 30.
([4]) IO C 44, 6.2.2015, lch. 13.

(9) I litir dar dáta an 17 Márta 2015, thug Lucsamburg freagra páirteach ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 13 Feabhra 2015.

(10) An 19 Márta 2015, sheol an Coimisiún na barúlacha ó thríú páirtithe maidir leis an gCinneadh Tosaigh chuig Lucsamburg.

(11) An 26 Márta 2015, chuir an Coimisiún Lucsamburg ar an eolas gur shainaithin sé, i gcomhréir le hAirteagal 6(a) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle ([5]), gur neamhéifeachtach an nós imeachta imscrúdaithe foirmiúil a bhí ar feitheamh maidir leis an rialú cánach faoi chonspóid. Ar an mbonn sin, agus le húdarú Lucsamburg, sheol an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 6(a)(6) de Rialachán (CE) Uimh. 659/1999, iarraidh ar fhaisnéis chuig Amazon an 26 Márta 2015 ('iarraidh MIT').

(12) An 4 Bealtaine 2015, thug Amazon freagra páirteach ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis an 26 Márta 2015.

(13) I litir dar dáta an 13 Bealtaine 2015, chuir Lucsamburg isteach a bharúlacha i ndáil le barúlacha na dtríú páirtithe maidir leis an gCinneadh Tosaigh.

(14) I litreacha dar dáta an 24 agus an 31 Iúil 2015, thug Amazon freagra páirteach ar iarraidh an Choimisiúin an 3 Iúil 2015.

(15) I litir dar dáta an 21 Lúnasa 2015, thug Amazon freagra páirteach ar iarraidh an Choimisiúin an 31 Iúil 2015, lenar mheabhraigh an Coimisiún do Amazon an fhaisnéis uile a iarradh a sholáthar, go háirithe faisnéis iomlán faoi chomhaontuithe maidir le maoin intleachtúil agus rialú nua a tugadh do Amazon in 2014.

(16) Idir an 30 Meán Fómhair 2015 agus an 12 Meán Fómhair 2017, malartaíodh litreacha breise agus reáchtáladh cruinnithe breise idir an Coimisiún, Lucsamburg agus Amazon (féach aithrisí 27 go 89 den Chinneadh Tosaigh chun tuilleadh sonraí a fháil).

(17) An 4 Deireadh Fómhair 2017, chuir an Coimisiún clabhsúr leis an imscrúdú foirmiúil trí chinnidh deiridh a ghlacadh (Cinneadh (AE) 2018/859 ón gCoimisiún ([6])) lenar cinneadh gur chabhair a bhí i rialú cánach Amazon de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh (an 'Cinneadh Clabhsúir'). Cinneadh go raibh an chabhair sin ar neamhréir leis an margadh inmheánach agus gur chuir Lucsamburg i bhfeidhm go neamhdhleathach í de shárú ar Airteagal 108(3) den Chonradh. Ordaíodh do Lucsamburg méid na cabhrach neamh-chomhoiriúnaí agus neamhdhleathaí a fuair Amazon a ghnóthú.

(18) An 12 Bealtaine 2021, chuir an Chúirt Ghinearálta Cinneadh (AE) 2018/859 ar neamhní ([7]).

(19) An 22 Iúil 2021, rinne an Coimisiún achomharc leis an gCúirt Bhreithiúnais chun an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Bealtaine 2021 a chur ar ceal.

(20) An 14 Nollaig 2023, rinne an Chúirt Bhreithiúnais achomharc an Choimisiúin a dhíbhe agus ar an gcaoi sin dheimhnigh an chúirt neamhniú an Chinnidh Clabhsúir ('breithiúnas *Amazon*') ([8]). Amhail an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 12 Bealtaine 2021, ní dhearna an rialú sin aon difear don Chinneadh Tosaigh. Dá bhrí sin, an t-imscrúdú foirmiúil ar an rialú cánach faoi chonspóid a dtugtar tuairisc air in aithris 42, tá sé ar oscailt i gcónaí agus ní mór clabhsúr a chur leis.

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 ón gComhairle an 22 Márta 1999 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 93 de Chonradh CE a chur i bhfeidhm (IO L 83, 27.3.1999, lch. 1). Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 659/1999 a aisghairm agus rinneadh Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (códú) a chur i bhfeidhm (IO L 248, 24.9.2015, lch. 9, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/1589/oj) a chur ina ionad le héifeacht ón 14 Deireadh Fómhair 2015.

([6]) Cinneadh (AE) 2018/859 ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2017 maidir le státchabhair SA.38944 (2014/C) (ex 2014/NN) arna cur chun feidhme ag Lucsamburg do Amazon (ar tugadh fógra ina leith faoi dhoiciméad C(2017) 6740), (IO L 153, 15.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/859/oj).

([7]) Cásanna Uamtha T-816/17 agus T-318/18 *Lucsamburg agus Amazon EU agus Amazon.com* v an Coimisiún, ECLI:EU:T:2021:252.

([8]) Cás C-457/21 P *An Coimisiún* v *Amazon.com agus páirtithe eile*, ECLI:EU:C:2023:985. Ba é conclúid na Cúirte Breithiúnais gur chinn an Chúirt Ghinearálta an córas tagartha ábhartha go mícheart agus, mar thoradh air sin, go ndearna an chúirt sin botún freisin san anailís ar chritéar an bhuntáiste roghnaithigh, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh (breithiúnas *Amazon*, míreanna 46 go 50). Chinn an Chúirt Bhreithiúnais mar sin féin go raibh an Chúirt Ghinearálta i dteideal a chinneadh nár shuigh an Coimisiún gurbh ann do bhuntáiste chun tairbhe ghrúpa Amazon agus an Cinneadh Clabhsúir a chur ar neamhní ar an bhforas sin (breithiúnas *Amazon*, míreanna 53 go 58). Ina fhianaise sin, agus trí fhoras a ionadú, rinne an Chúirt Bhreithiúnais an t-achomharc a dhíbhe ina iomláine (breithiúnas *Amazon*, mír 59).

2. TUAIRISC AR AN MBEART

2.1. Grúpa Amazon

(21) De réir na faisnéise a bailíodh le linn an imscrúdaithe fhoirmiúil, is é atá i ngrúpa Amazon Amazon.com, Inc. agus gach cuideachta atá faoi rialú díreach nó indíreach Amazon.com, Inc. (dá ngairtear 'Amazon' nó 'grúpa Amazon' le chéile). Tá ceanncheathrú Amazon lonnaithe in Seattle, Washington, Stáit Aontaithe Mheiriceá.

(22) Feidhmíonn Amazon gnólachtaí miondíola agus seirbhíse. Gineann Amazon ioncam freisin trí sheirbhísí eile margaíochta agus fógraíochta, amhail fógraíocht ar líne agus comhaontuithe cárta creidmheasa comhbhrandáilte. Ar deiridh, déanann Amazon táirgí crua-earraí, amhail gairis Amazon Kindle, Amazon Fire agus Amazon Echo, a mhonarú agus a dhíol.

(23) Feidhmíonn Amazon trí shuíomh gréasáin dhomhanda déag, lena n-áirítear www.amazon.com agus sé shuíomh gréasáin Eorpacha: www.amazon.de, www.amazon.co.uk, www.amazon.fr, www.amazon.it, www.amazon.es agus www.amazon.nl ('suíomhanna gréasáin AE'). Eagraítear oibríochtaí Amazon ina dtrí dheighleog: Meiriceá Thuaidh, Idirnáisiúnta, agus Amazon Web Services ('AWS').

(24) In 2016, ghin Amazon glandíolacháin dhomhanda dar luach tuairim is USD 136 bhilliún agus glanioncam USD 2,37 billiún. Ar an iomlán, gintear 91 % d'ioncam Amazon óna ghnó miondíola. Tagann 59 % de na glandíolacháin ó dheighleog Mheiriceá Thuaidh, tagann 32 % ón deighleog Idirnáisiúnta, agus tagann 9 % ó dheighleog AWS. Bhí 314 400 fostaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ag Amazon in 2016.

2.2. Oibríochtaí Eorpacha Amazon

(25) Tá dhá ghrúpeintiteas Lucsamburgacha an-ábhartha chun críocha an imscrúdaithe a mhéid a bhaineann leis na blianta airgeadais a chumhdaíonn an tréimhse ón 1 Bealtaine 2006 go dtí an 30 Meitheamh 2014 ('an tréimhse ábhartha'):

— Amazon Europe Holding Technologies SCS ('LuxSCS') – Is comhpháirtíocht theoranta Lucsamburgach (*Société en Commandite Simple*) é an t-eintiteas seo. Cé gur tháinig athrú ar an struchtúr úinéireachta le linn na tréimhse ábhartha, ba chuideachtaí lonnaithe sna Stáit Aontaithe iad comhpháirtithe LuxSCS i gcónaí. Le linn na tréimhse ábhartha, bhí coinne leis nach bhfeidhmeodh LuxSCS ach mar chuideachta sealbhaíochta sócmhainní doláimhsithe le haghaidh oibríochtaí Eorpacha Amazon, arbh é LuxOpCo a bhí freagrach astu mar an príomhoibreoir. Ní bhfaigheadh LuxSCS ach ioncam éighníomhach (ríchíosanna agus úis) óna fhochuideachtaí. Sholáthair LuxSCS iasachtaí idir cuideachtaí do LuxOpCo agus do chuideachtaí eile sa ghrúpa freisin. Ní raibh aon láithreacht fhisiciúil ná fostaí ag LuxSCS i rith na tréimhse ábhartha.

— Amazon EU Société à responsabilité limitée ('LuxOpCo') – B'fhochuideachta ar lánúinéireacht de LuxSCS é LuxOpCo i rith na tréimhse ábhartha. Cuireadh de chúram air forbairt bhreise a dhéanamh agus feabhas a chur ar an tsamhail ghnó bunaithe ar bhogearraí is bun le gnó miondíola agus seirbhíse Eorpach Amazon. Sa tréimhse sin, d'fheidhmigh LuxOpCo mar cheanncheathrú ghrúpa Amazon san Eoraip agus mar phríomhoibreoir ghnó miondíola agus seirbhíse ar líne Eorpach Amazon a dhéantar trí na suíomhanna gréasáin AE. In 2013 agus 2014, ba é EUR 13 612 449 784 agus EUR 15 463 362 589 faoi seach glanláimhdeachas comhdhlúite LuxOpCo. Bhí 523 fhostaí lánaimseartha ar an meán fostaithe ag LuxOpCo i mbliain airgeadais 2013.

2.3. An Comhaontú Ceadúnúcháin

(26) Le héifeacht ón 30 Aibreán 2006, rinne LuxOpCo comhaontú ceadúnúcháin (an 'Comhaontú Ceadúnúcháin') le LuxSCS. Faoin gcomhaontú sin, fuair LuxOpCo an ceart eisiach go neamh-inchúlghairthe chun na sócmhainní doláimhsithe a fhorbairt, a fheabhsú agus a shaothrú chun na suíomhanna gréasáin AE a oibriú agus chun aon chríche eile laistigh de chríoch thíreolaíoch na tíre Eorpaí ar íocaíocht ríchíosa (an 'Táille Cheadúnais'). Aon mhaoin intleachtúil a chruthaigh LuxOpCo nó a ndearna LuxOpCo forbairt bhreise uirthi ar bhonn rochtain ar na sócmhainní doláimhsithe nó de thoradh na rochtana sin, sannadh do LuxSCS í. Ceanglaíodh ar LuxOpCo gníomhú ar a thionscnamh agus ar a riosca féin chun na sócmhainní doláimhsithe a chosaint agus a choinneáil ar bun. Thagair an Comhaontú Ceadúnúcháin freisin do sheirbhísí corparáideacha atá le soláthar ag LuxOpCo chun tairbhe LuxSCS gan aon luach saothair ar leithligh do LuxOpCo. Ina theannta sin, thoiligh LuxOpCo gach riosca a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a fheidhmeoidh sé faoin gComhaontú Ceadúnúcháin a ghlacadh ar láimh. Má fuair LuxOpCo aon mhaoin intleachtúil a úsáidfear chun na críche céanna leis na sócmhainní doláimhsithe ó thríú páirtithe, ceanglaíodh ar LuxOpCo an mhaoin intleachtúil sin a cheadúnú do LuxSCS saor ó ríchíosanna.

(27) Bhí an Comhaontú Ceadúnúcháin le bheith i bhfeidhm ar feadh shaolré na sócmhainní doláimhsithe uile agus ní fhéadfaí é a fhoirceannadh ach amháin i gcás athrú rialaithe nó ualú substaintiúil nó i gcás ina dteipfeadh ar cheann de na páirtithe mainneachtain a fheidhmíochta faoin gcomhaontú sin a fhuascailt. Dá réir sin, níorbh fhéidir le LuxSCS an Comhaontú Ceadúnúcháin a fhoirceannadh go haontaobhach. Leasaíodh an Comhaontú Ceadúnúcháin i mí Eanáir 2010, le héifeacht ón 1 Eanáir 2009. Bhain an leasú sin leis an sainmhíniú ar 'Bhrabús Oibriúcháin AE' a úsáidtear chun an Táille Cheadúnúcháin a ríomh.

2.4. **An rialú cánach faoi chonspóid**

(28) Is é atá sa bheart faoi mheasúnú sa chinneadh seo an litir dar dáta an 6 Samhain 2003 ([9]) ó údaráis chánach Lucsamburg chuig Amazon, inar formheasadh an socrú praghsála aistrithe a bhfuil tuairisc air sa litir dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003 ó Amazon chuig na húdaráis sin agus struchtúr ghrúpa Amazon a bhfuil tuairisc air ina litreacha dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003 agus an 31 Deireadh Fómhair 2003 ([10]).

(29) Ina litir dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2003 chuig údarás cánach Lucsamburg ('litir Amazon dar dáta an 31 Deireadh Fómhair 2003'), d'iarr Amazon deimhniú ar chóireáil cánach LuxSCS, a chomhpháirtithe a bhí bunaithe sna Stáit Aontaithe agus díbhinní arna bhfáil ag LuxOpCo faoin struchtúr nua a bhí beartaithe. Mínítear sa litir sin nach meastar go bhfuil pearsantacht cánach ag LuxSCS, mar *Société en Commandite Simple*, ar leithligh óna chomhpháirtithe agus, mar thoradh air sin, nach bhfuil sé faoi réir cáin chorparáide ná cáin ar an nglanrachmas i Lucsamburg. D'ainneoin trédhearcacht cánach LuxSCS, d'fhéadfadh sé go ngearrfaí cáin fós ar LuxSCS nó ar a chomhpháirtithe atá bunaithe sna Stáit Aontaithe dá measfaí go ndéantar a ngníomhaíochtaí trí bhuanbhunaíocht i Lucsamburg. Dá bhrí sin, leagtar amach freisin sa litir sin nach bhféadfaí a mheas go bhfuil láithreacht sholáimhsithe i Lucsamburg (oifigí, fostaithe etc.) ag LuxSCS nó ag a chomhpháirtithe ionas nach measfaí, in éagmais buanbhunaíocht ghnó, go bhfuil pearsantacht ag LuxSCS ar leithligh óna chomhpháirtithe, ná go mbíonn sé i mbun gníomhaíocht tráchtála i Lucsamburg.Ní fhéadfaí a mheas ach oiread go bhfuil buanbhunaíocht i Lucsamburg ag a chomhpháirtithe.

(30) Ina litir dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003 chuig údarás cánach Lucsamburg ('litir Amazon dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003'), d'iarr Amazon rialú cánach chun cóireáil LuxOpCo chun críoch cánach corparáide i Lucsamburg a dheimhniú. Mínítear sa litir sin struchtúr gnó beartaithe Amazon san Eoraip agus iarrtar deimhniú go mbeidh '*brabús iomchuí inghlactha*' do LuxOpCo '*i ndáil leis an mbeartas praghsála aistrithe agus Airteagail 56 agus 164(3) de dhlí Lucsamburg um cháin ioncaim*' ina thoradh ar an socrú praghsála aistrithe le haghaidh an Chomhaontaithe Ceadúnúcháin a dtugtar tuairisc air sa litir sin. Tagraítear sa litir sin do '*anailís eacnamaíoch*' atá i gceangal, ina leagtar amach na '*feidhmeanna agus rioscaí a raibh coinne leis go nglacfadh LuxOpCo ar láimh iad, chomh maith le cineál agus méid na sócmhainní doláimhsithe a bhfuil coinne leis go mbeidh siad ina n-ábhar den Cheadúnas maidir le sócmhainní doláimhsithe*'. Ar bhonn na hanailíse sin, beartaíodh socrú praghsála aistrithe faoinar bunaíodh leibhéal an ríchíosa bhliantúil a gceanglófaí ar LuxOpCo é a íoc le LuxSCS as úsáid na sócmhainní doláimhsithe.

(31) Déantar measúnú leis an gcinneadh seo ar cé acu atá nó nach bhfuil buntáiste roghnaitheach ar státchabhair é sa socrú praghsála aistrithe a formheasadh sa rialú cánach faoi chonspóid.

3. **TUAIRISC AR AN GCREAT DLÍTHIÚIL ÁBHARTHA**

3.1. **An creat dlíthiúil náisiúnta**

(32) Tá gnáthrialacha an chánachais chorparáidigh i Lucsamburg le fáil i gCód Cánach Corparáide Lucsamburg (*loi modifiée du 4.12.1967 concernant l'impôt sur le revenu,* 'LIR').

([9]) Féach Aithris (2).

([10]) Tar éis moill ar chur chun feidhme athstruchtúrú oibríochtaí Eorpacha Amazon, d'iarr Amazon deimhniú ó údarás cánach Lucsamburg maidir le bailíocht leanúnach an rialaithe cánach faoi chonspóid i litir dar dáta an 5 Nollaig 2004, agus dheimhnigh an t-údarás cánach é sin le litir dar dáta an 23 Nollaig 2004. Rinneadh an rialú cánach faoi chonspóid ar feadh tréimhse thosaigh 5 bliana, agus cuireadh síneadh leis in 2010 agus bhí éifeacht leis go dtí mí an Mheithimh 2014. Struchtúr Eorpach Amazon, mar a thagraítear dó san iarraidh ar rialú agus mar a thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis, cuireadh an struchtúr sin i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2006 agus bhí sé i bhfeidhm go dtí mí an Mheithimh 2014, tráth a athraíodh an struchtúr sin.

(33) Soláthraítear an modh in Airteagal 18(1) LIR chun brabús bliantúil íocóir cánach corparáide a shuí: 'Socraítear an brabús mar an difríocht idir glansócmhainní ag deireadh agus glansócmhainní ag tús na tréimhse tuairiscithe, arna méadú le haistarraingtí airgid thirim gnó nó sócmhainní eile ag an gcáiníocóir le haghaidh a úsáide pearsanta nó aon úsáid eile nach bhfuil beartaithe chun tairbhe na cuideachta agus arna laghdú le ranníocaíochtaí breise a dhéantar le linn na tréimhse tuairiscithe.'.

(34) Foráiltear le hAirteagal 159 LIR go mbíonn cuideachtaí cónaitheacha inchánacha faoi réir cáin ar iomlán a mbrabúis. Foráiltear le hAirteagal 160 LIR go mbíonn cuideachtaí neamhchónaitheacha faoi réir cáin ar a n-ioncam foinseach, a sainmhínítear é in Airteagal 156 LIR. Ó bhí 2011 ann, na cuideachtaí uile atá faoi réir cánach i Lucsamburg, gearrtar cáin ar a mbrabús inchánach ag an ráta cánach caighdeánach de 28,80 %.

(35) Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 164(3) LIR: 'Cuimsítear dáileadh brabús folaithe le hioncam inchánach. Is ann do dháileadh brabús folaithe go háirithe nuair a fhaigheann scairshealbhóir, stocshealbhóir nó páirtí leasmhar sochair go díreach nó go hindíreach ó chuideachta nó ó chomhlachas nach bhfaigheadh sé go hiondúil murar scairshealbhóir, stocshealbhóir nó pháirtí leasmhar é.' ([11]) Sa Chinneadh Tosaigh, mheas an Coimisiún – féach go háirithe aithris 59 – go raibh Airteagal 164 LIR ar an mbonn reachtach sa Lucsamburg le haghaidh praghsanna aistrithe agus dá bhrí sin chuir sé Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE chun feidhme inar leagtar síos prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar dá réir a shocrófar na praghsanna in idirbhearta idir cuideachtaí i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh (féach aithris 40 den chinneadh seo).

(36) Ón 1 Eanáir 2017, cuireadh cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar bhonn foirmiúil faoi dhlí cánach Lucsamburg le hairteagal nua 56bis LIR. Dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais é sin i mbreithiúnas *Amazon*: '*ní chuirtear cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar bhonn foirmiúil go sainráite faoi dhlí cánach Lucsamburg ach ón 1 Eanáir 2017, is é sin tar éis ghlacadh agus fhairsingiú an rialaithe cánach i gceist, le hairteagal nua den Dlí um cháin ioncaim*'.

3.2. **Treoraíocht maidir le praghsáil aistrithe**

(37) Baineann an cinneadh seo le rialú cánach lena mbailíochtaítear socrú praghsála aistrithe, ar a dtugtar réamh-chomhaontú praghsála ('APA') freisin. Is é atá in APAnna socruithe lena gcinntear, sula ndéantar idirbhearta inghrúpa, tacar critéar iomchuí chun an phraghsáil aistrithe a chinneadh le haghaidh na n-idirbheart sin thar thréimhse ama sheasta, chun críoch cánach.

(38) Sa chomhthéacs sin, tagraíonn praghsáil aistrithe do na praghsanna a ghearrtar ar idirbhearta tráchtála idir codanna éagsúla den ghrúpa corparáideach céanna, go háirithe praghsanna a shocraítear le haghaidh earraí arna ndíol ag aon fhochuideachta amháin de ghrúpa corparáideach le fochuideachta eile den ghrúpa sin nó seirbhísí arna soláthar ag aon fhochuideachta amháin de ghrúpa corparáideach d'fhochuideachta eile den ghrúpa sin. Ar an gcaoi sin, baineann praghsáil aistrithe le leithdháileadh brabúis idir codanna éagsúla den ghrúpa corparáideach céanna.

(39) Íocann corparáidí ilnáisiúnta cánacha i ndlínsí lena mbaineann rátaí cánach éagsúla. Is é atá sa bhrabús i ndiaidh cánach a thaifeadtar ar leibhéal an ghrúpa chorparáidigh suim an bhrabúis i ndiaidh cánach i ngach tír ina bhfuil sé faoi réir cánach. Dá bhrí sin, in ionad an brabús a dhearbhaítear i ngach tír a uasmhéadú, bíonn spreagadh ó thaobh airgeadais de ag corparáidí ilnáisiúnta an brabús is mó agus is féidir a leithdháileadh ar dhlínsí ísealchánacha agus an brabús is lú agus is féidir a leithdháileadh ar dhlínsí ardchánacha agus brabús á leithdháileadh acu ar chuideachtaí éagsúla an ghrúpa chorparáidigh.

(40) Bunaíodh caighdeán a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta chun praghsanna aistrithe a shocrú d'fhonn cánachas cóir a bhaint amach. Dá bhrí sin, bunaítear le hAirteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE prionsabal an fheidhmithe neamhspleách, mar a thugtar air, ar dá réir a shocrófar na praghsanna in idirbhearta idir cuideachtaí i gcomhréir le praghsanna an mhargaidh. Tá mionsonraí breise ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách le fáil i dTreoirlínte ECFE maidir le Praghsáil Aistrithe ([12]) ('Treoirlínte ECFE').

([11]) Shoiléirigh údaráis chánach Lucsamburg cur i bhfeidhm Airteagal 164(3) LIR maidir le cuideachtaí maoiniúcháin i gCiorcláin Uimh. 164/2 an 28 Eanáir 2011 agus Uimh. 164/2bis an 8 Aibreán 2011, ar cuireadh Circulaire du directeur des contributions LIR n° 56/1 – 56bis/1 du 27 décembre 2016, traitement fiscal des sociétés exerçant des transactions de financement intra-groupe ina n-ionad.

([12]) *Transfer Pricing Guidelines for Multinational Enterprises and Tax Administrations*, ECFE, 2010.

4. AN FORAS CHUN AN NÓS IMEACHTA IMSCRÚDAITHE FOIRMIÚIL A THIONSCNAMH

(41) Sa Chinneadh Tosaigh, chuir an Coimisiún in iúl go raibh amhras mór air faoi chomhoiriúnacht an rialaithe cánach faoi chonspóid don mhargadh inmheánach. Go háirithe, bhí amhras air faoi cé acu a bhí nó nach raibh íocaíocht ríchíosa ar neamhthuilleamaí le LuxSCS agus luach saothair ar neamhthuilleamaí le haghaidh LuxOpCo ina dtoradh ar an socrú praghsála aistrithe ar thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis.

(42) Ina Chinneadh Tosaigh, shonraigh an Coimisiún gur fhormheas údaráis chánach Lucsamburg, leis an rialú cánach faoi chonspóid, na socruithe praghsála aistrithe a bheartaigh Amazon san iarratas ar rialú, ar bhonn Airteagal 164 LIR lenar cuireadh chun feidhme – de réir an Choimisiúin – Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE agus lenar cumhdaíodh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i ndlí Lucsamburg. Ar bhonn an phrionsabail sin, ionas nach n-eascródh seachaint cánach as idirbheart, ní mór don phraghas aistrithe a bheith inchomparáide leis an bpraghas faoina n-aontódh oibreoirí neamhspleácha ar bhonn an mhodha thraidisiúnta, ar dá réir a ríomhadh an brabús inchánach ar bhonn na difríochta idir ioncam agus muirir na cuideachta. Aon toradh a d'imigh ón staid sin agus a laghdaigh an bonn cánach, bhí sé d'éifeacht aige sin buntáiste a thabhairt don cháiníocóir lena mbaineann.

(43) Dá bhrí sin, ina Cinneadh Tosaigh, maidir le formheas socraithe praghsála aistrithe nár léirigh toradh margaidh agus a thug buntáiste do ghnóthas ar leith, bhreithnigh an Coimisiún nach mór é sin a mheas mar a bheith roghnaitheach *prima facie*. D'eascródh an chóireáil roghnaitheach sin as imeacht ó phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách nó as cur i bhfeidhm mícheart an phrionsabail sin, mar a leagtar amach i Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE agus i dTreoirlínte ECFE agus a chuimsítear sa dlí náisiúnta de bhun Airteagal 164 LIR.

(44) Ar an mbonn sin, shonraigh an Coimisiún na hábhair amhrais seo a leanas ina Chinneadh Tosaigh, arb ábhair amhrais iad a bhaineann go heisiach le dlíthiúlacht an rialaithe cánach faoi chonspóid i bhfianaise phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách mar a leagtar amach é i Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE agus i dTreoirlínte ECFE, agus mar a chuimsítear é sa dlí náisiúnta de bhun Airteagal 164 LIR.

(45) Ar an gcéad dul síos, shonraigh an Coimisiún gur dhealraigh sé gur tugadh an rialú cánach faoi chonspóid in éagmais tuarascáil ar phraghsáil aistrithe lenar tacaíodh le cineál feidhmithe neamhspleách an tsocraithe faoi Threoirlínte OECD. Shonraigh sé freisin gur tugadh an rialú laistigh d'aon lá oibre dhéag tar éis an iarraidh a fháil.

(46) Ar an dara dul síos, chinn an Coimisiún ar dtús, maidir leis an socrú praghsála aistrithe ar thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis, nár dhealraigh sé gur bunaíodh an socrú sin ar aon cheann de na modhanna praghsála aistrithe a bhfuil glacadh coitianta leo a leagtar amach i dTreoirlínte ECFE.

(47) Ar an tríú dul síos, shuigh an Coimisiún, contrártha le moltaí i mír 6.16 de Threoirlínte ECFE 1995 agus 2010, maidir leis an íocaíocht ríchíosa a formheasadh sa rialú cánach faoi chonspóid, nár bhain an íocaíocht ríchíosa sin le haschur, díolacháin ná brabús. Ina ionad sin, ríomhadh an ríchíos mar an brabús iarmharach ó idirbhearta inghrúpa LuxOpCo, ar cinneadh é trí ghnáthshochar inchurtha i leith fheidhmeanna LuxOpCo a bhaint as an mbrabús iarmhír arna thaifeadadh ag LuxOpCo.

(48) Ar an gceathrú dul síos, i gcomhréir le Treoirlínte ECFE, cheistigh an Coimisiún cé acu ba cheart nó nár cheart a mheas go raibh feidhmeanna níos simplí á ndéanamh ag LuxOpCo i gcomparáid le LuxSCS. Bunaithe ar an tuairisc ar na feidhmeanna a rinne LuxOpCo agus ar na rioscaí a ghlac sé, dhealraigh sé, i ndáiríre, gur chasta na feidhmeanna agus na rioscaí sin ná iad sin a bhí á ndéanamh ag LuxSCS. Maidir leis na feidhmeanna sonracha a bhain leis na sócmhainní doláimhsithe, a líomhnaítear go bhfaigheann LuxSCS luach saothar ina leith, níor tugadh tuairisc orthu san iarraidh ar rialú ná níor thug údarás cánach Lucsamburg tuairisc orthu sa rialú cánach faoi chonspóid. Thairis sin, bíodh is go gcoinneodh LuxSCS gach riosca a bhain le húinéireacht na maoine intleachtúla sin, de réir na hiarrata ar rialú, níor sonraíodh na rioscaí sin a ghlacfadh LuxSCS nuair a bheadh na sócmhainní doláimhsithe á sealbhú aige, go háirithe i gcomparáid leis na rioscaí fiontraíochta a ghlac LuxOpCo.

(49) Ar an gcúigiú dul síos, mheas an Coimisiún gur réasúnta íseal a bhí corrlach brabúis [4-6] % ar speansais oibriúcháin i bhfeidhmiú an Mhodha Trasghníomhaíochta Glanchorrlaigh ('TNMM') faoi Threoirlínte ECFE, ar thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis le haghaidh na bhfeidhmeanna a dhéanann LuxOpCo. Go háirithe, agus é a chur san áireamh go mór mór gur cuireadh feidhmeanna LuxOpCo i láthair mar chinnteoireacht tráchtála lárnach agus straitéiseach lena gcomhchruinnítear riosca gnó an mhargaidh Eorpaigh ar fad. Ina theannta sin, níor míníodh cur i bhfeidhm íosráta agus caidhpe chun luach saothair LuxOpCo ar neamhthuilleamaí a chinneadh, rud a sháraigh an socrú praghsála aistrithe bunaithe ar speansais oibriúcháin go bunúsach. Ar deireadh, cheistigh an Coimisiún cé acu a bhí nó nach raibh údar le roghnú modha indírigh praghsála aistrithe chun luach saothair LuxOpCo a chinneadh ó tharla go dtugtar tús áite i dTreoirlínte ECFE d'úsáid modhanna díreacha chun leibhéal iomchuí brabúis inchánaigh a shocrú.

(50) Ar an séú dul síos, shonraigh an Coimisiún gur dhealraigh sé go raibh an rialú cánach faoi chonspóid i bhfeidhm i gcónaí in 2014 bíodh is gur tugadh é in 2003. Shonraigh an Coimisiún gurbh fhaide go mór an fad sin ná fad rialuithe cánach a thugtar i gcrích i mBallstáit eile. Bhí amhras ar an gCoimisiún faoi cé acu ba cheart nó nár cheart a mheas go bhfuil an luach saothair ar glacadh leis sa rialú ar neamhthuilleamaí i gcónaí breis is 10 mbliana ina dhiaidh sin, gan aon athbhreithniú ná oibleagáid fógra a thabhairt don údarás i gcás aon athrú ar imthosca criticiúla ó shin.

(51) I bhfianaise na n-ábhar amhrais sin, ina Chinneadh Tosaigh tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sealadach gur thug an rialú cánach faoi chonspóid buntáiste roghnaitheach do Amazon mar thoradh ar íocaíocht ríchíosa le haghaidh LuxSCS agus luach saothair le haghaidh LuxOpCo a d'imigh ó thoradh ar neamhthuilleamaí. Ós rud é gur dhealraigh sé gur comhlíonadh gach coinníoll eile d'Airteagal 107(1) den Chonradh agus nár léir aon bhonn comhoiriúnachta follasach de bhun Airteagal 107(2) nó (3) den Chonradh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach gur státchabhair atá sa rialú cánach faoi chonspóid atá ar neamhréir leis an margadh inmheánach.

5. BARÚLACHA Ó ÚDARÁIS LUCSAMBURG MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

5.1. Maidir le hearráidí dlí líomhnaithe sa Chinneadh Tosaigh

(52) Mheas Lucsamburg gur chuir roinnt earráidí dlí an Cinneadh Tosaigh ó bhail.

(53) Ar an gcéad dul síos, mheas Lucsamburg gur chuir an cinneadh sin isteach ar a chumhachtaí ceannasacha i réimse an chánachais dhírigh. Go háirithe, mheas sé gur sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí i réimse na státchabhrach trína léirmhíniú féin ar phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách a fhorbairt agus a fhorchur.

(54) Tharraing Lucsamburg aird ar leith ar chineál sonrach agus ar chastacht na praghsála aistrithe.De réir Threoirlínte ECFE, bíonn discréid áirithe de dhíth ar údaráis chánach náisiúnta chun bheith in ann na rialacha cánach a léirmhíniú i gcomhthéacs cás aonair agus a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil praghas aistrithe inghlactha ina thoradh ar an modheolaíocht praghsála aistrithe a úsáideadh. D'áitigh Lucsamburg go bhfuair sé deimhniú gurbh iomchuí a chleachtas rialaithe cánach agus gur chomhlíon sé an Cód Iompair maidir le Cánachas Gnó agus le Treoirlínte ECFE.

(55) Ar an dara dul síos, d'áitigh Lucsamburg go bhfuil difear idir na fasaigh a ndeachaigh an Coimisiún ina muinín sa Chinneadh Tosaigh agus an rialú cánach faoi chonspóid sa mhéid a bhain siad le scéimeanna ina raibh gnéithe as ar eascair buntáiste gan beann ar imthosca aonair cáiníocóirí.

(56) Ar an tríú dul síos, líomhain Lucsamburg nach bhfuil anailís ar an roghnaitheacht sa Chinneadh Tosaigh agus, go sonrach, nach sainaithnítear ann an córas cánach tagartha ná an grúpa tagartha cáiníocóirí lenar cheart cóireáil cánach Amazon a chur i gcomparáid. Dá dheasca sin, ní raibh feidhm ag aon mhaolú ón gcóras cánach tagartha maidir le Amazon agus níor sainaithníodh aon bhuntáiste.

(57) Maidir leis an gcreat tagartha ceart, mheas Lucsamburg gurbh é an dlí cánach náisiúnta, go háirithe Airteagail 164(3) agus 18 LIR, an creat tagartha ceart. Mhaígh Lucsamburg nach mór measúnú a dhéanamh ar an rialú cánach faoi chonspóid i bhfianaise an chreata rialála ábhartha i bhfeidhm agus an chomhthéacs eacnamaíoch a bhí i réim tráth ceadaithe an bhirt, i.e. in 2003. Shonraigh Lucsamburg nárbh ann do Threoirlínte ECFE 2010 an tráth sin agus nach raibh aon tagairt do Threoirlínte ECFE 1995 i ndlí Lucsamburg.

(58) Ar an gceathrú dul síos, mheas Lucsamburg nár shainaithin an Coimisiún aon chatagóir gnóthas a d'fhéadfadh tairbhiú den bheart. A mhéid a bhaineann leis an ngrúpa tagartha cáiníocóirí, mheas Lucsamburg nach mbeadh i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil ach cáiníocóirí a bhí faoi réir rialacha praghsála aistrithe agus a chleachtais rialaithe cánach.

5.2. **Maidir leis na hábhair amhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh**

(59) Thug Lucsamburg aghaidh go sonrach freisin ar na hábhair amhrais a chuir an Coimisiún in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir le comhlíontacht an rialaithe cánach faoi chonspóid le prionsabal an fheidhmithe neamhspleách i gcomhréir le Treoirlínte ECFE.

(60) Ar an gcéad dul síos, d'áitigh Lucsamburg nach bhfuil bunús le himní an Choimisiúin gur tugadh an rialú cánach faoi chonspóid in éagmais na hanailíse eacnamaíche riachtanaí, mar ullmhaíodh tuarascáil ar phraghsáil aistrithe chun bunús a thabhairt leis an socrú praghsála aistrithe a beartaíodh san iarraidh ar rialú.

(61) Mhínigh Lucsamburg gur gníomhaíocht atá sa mhiondíol ar líne lena mbaineann corrlach íseal agus atá faoi réir iomaíocht ghéar, agus gurbh é an straitéis a bhí ag Amazon a bheith éagsúil mar thoradh ar an nuálaíocht teicneolaíochta. Dá thoradh sin, measadh go raibh na sócmhainní doláimhsithe ar an bhfoinse fhíor-riachtanach luacha i ngníomhaíochtaí Amazon.

(62) Mhaígh Lucsamburg go dtacaíonn an rialú cánach faoi chonspóid le socrú praghsála aistrithe bunaithe ar TNMM chun leibhéal an ríchíosa ar neamhthuilleamaí a d'íoc LuxOpCo le LuxSCS a chinneadh, rud atá ag teacht le creat rialála Lucsamburg a bhí i bhfeidhm tráth ceadaithe an bhirt. Is modh praghsála aistrithe é TNMM a chomhfhreagraíonn do rialacha praghsála aistrithe agus do chleachtas riaracháin Lucsamburg. Léirigh glacadh údarás cánach Lucsamburg le TNMM an anailís fheidhmiúil atá ar áireamh leis an tuarascáil ar phraghsáil aistrithe. Dá bhrí sin, measadh go raibh LuxOpCo ar an eintiteas ba shimplí i gcomparáid le LuxSCS agus gur roghnaíodh é i gceart mar an páirtí arna thástáil. Ba luainí na torthaí a bheadh ann dá n-úsáidfí modhanna eile. I bhfianaise na mbreithnithe sin, mhaígh Lucsamburg nach bhféadfaí a mheas go nglactar leis an 'toradh is ísle is féidir' do LuxOpCo faoin rialú cánach faoi chonspóid.

(63) Ar an tríú dul síos, mar fhreagra ar an amhras a chuir an Coimisiún in iúl sa Chinneadh Tosaigh nach le haschur, díolacháin ná brabús a bhaineann an ríchíos a d'íoc LuxOpCo le LuxSCS, dheimhnigh Lucsamburg go ríomhtar an ríchíos mar bhrabús iarmharach. Mar sin féin, mheas Lucsamburg gur gné dhílis é toradh den sórt sin i gcur i bhfeidhm TNMM agus go bhfuil sé i gcomhréir leis na hanailísí feidhmiúla agus ar na rioscaí.

(64) Ar an gceathrú dul síos, maidir le toradh airgeadais iarbhír LuxOpCo le haghaidh gach bliana den tréimhse ábhartha, mhaígh Lucsamburg go gcomhlíonann an toradh sin prionsabal an fheidhmithe neamhspleách ina iomláine.

(65) Ar an gcúigiú dul síos, a mhéid a bhaineann leis an amhras a cuireadh in iúl maidir le hábharthacht an íosráta agus na caidhpe le haghaidh luach saothair LuxOpCo, d'áitigh Lucsamburg gur ráthaíodh leis an íosráta luach saothair deimhneach a dtiocfadh méadú air i gcomhréir leis an méadú ar an ngnó. Thairis sin, spreag an chaidhp agus an uasteorainn LuxOpCo chun a ghníomhaíochtaí a bhainistiú go héifeachtúil. Ó tharla go bhfuair LuxOpCo corrlach [3,5-4] (*) % ar an meán sa tréimhse 2006-2013 agus go raibh an corrlach laistigh de theorainneacha an raoin idircheathairíle gach bliain, tagann Lucsamburg ar an gconclúid nach raibh aon tionchar iarbhír ná praiticiúil ag na huasteorainneacha agus ag na caidhpeanna.

(66) D'áitigh Lucsamburg freisin nach raibh caidhp ar an mbonn inchánach agus gur tháinig méadú air i gcomhréir le fairsingiú agus le hinfheistíocht Amazon san Aontas Eorpach. Cuireadh an corrlach luacha saothair i bhfeidhm maidir le costais oibriúcháin uile LuxOpCo, seachas maidir lena chostais oibriúcháin a tabhaíodh i Lucsamburg amháin.

(*) Faisnéis rúnda.

(67) Ar an séú dul síos, a mhéid a bhaineann le fad an rialaithe cánach faoi chonspóid, mhínigh Lucsamburg gur beartaíodh ar dtús go mbeadh sé bailí ar feadh cúig thréimhse chuntasaíochta ó thús ghníomhaíochtaí Amazon i Lucsamburg, agus cuireadh tús iarbhír lena ghníomhaíochtaí in 2006 ([13]). Dá bhrí sin, bhí an rialú cánach faoi chonspóid i bhfeidhm go dtí 2011 ar dtús. Mhínigh Lucsamburg freisin, i gcomhréir lena chleachtas riaracháin an tráth sin, níor leasaíodh rialuithe praghsála aistrithe go ginearálta ach amháin i gcás inar tháinig athrú mór ar an tsamhail ghníomhaíochta nó ar dhálaí an mhargaidh. Mhínigh Lucsamburg chomh maith go raibh brú mór ar an luach saothair le haghaidh gníomhaíochtaí inchomparáide (miondíolacháin ar líne) tar éis na géarchéime eacnamaíche in 2008 agus go raibh laghdú leanúnach ar chorrlach oibriúcháin Amazon. Sa chomhthéacs sin, mheas Lucsamburg go bhféadfadh sé go mbeadh laghdú ar luach saothair LuxOpCo ina thoradh ar an athbhreithniú ar an socrú praghsála.

6. BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA MAIDIR LEIS AN GCINNEADH TOSAIGH

6.1. Barúlacha ó Amazon

(68) Ina bharúlacha, dhírigh Amazon ar earráidí dlí líomhnaithe agus ar na hábhair amhrais a chuir an Coimisiún in iúl sa Chinneadh Tosaigh.

(69) Maidir leis na hearráidí dlí líomhnaithe, d'áitigh Amazon nár shainaithin an Coimisiún an creat tagartha i gceart agus nár chruthaigh sé roghnaitheacht an bhirt ina Chinneadh Tosaigh. Dar le Amazon, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an rialú cánach faoi chonspóid i gcomhthéacs riail shonrach den dlí náisiúnta agus/nó den chleachtas riaracháin seachas i gcomhthéacs an chórais cánach corparáide ina iomláine. Dá bhrí sin, is é prionsabal an fheidhmithe neamhspleách mar a leagtar síos in Airteagal 164(3) agus Airteagal 18 LIR, mar aon leis an gcleachtas riaracháin ábhartha lena gcuirtear i bhfeidhm na forálacha lena mbaineann, an creat tagartha ceart chun measúnú a dhéanamh ar an rialú cánach faoi chonspóid. Thairis sin, dar le Amazon, ní fhéadfadh imní maidir le státchabhair a bheith ann ach amháin i gcás inar imigh an rialú cánach faoi chonspóid ó ghnáth-léirmhíniú agus ó ghnáthchur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách i Lucsamburg, rud nach raibh i gceist i gcás an rialaithe cánach faoi chonspóid dar le Amazon. Ina theannta sin, d'áitigh Amazon nár léirigh an Coimisiún roghnaitheacht an bhirt.

(70) Maidir leis na hábhair amhrais a chuir an Coimisiún in iúl sa Chinneadh Tosaigh, tá barúlacha Amazon ag teacht le barúlacha Lucsamburg, a bheag nó a mhór, a mhéid a d'áitigh sé freisin go raibh tuarascáil praghsála aistrithe ag gabháil leis an iarraidh ar rialú agus go ndearnadh grinnscrúdú ar an iarraidh sin.

(71) Maidir leis an modh praghsála aistrithe a roghnaíodh, an modh scoilte brabúis iarmharaigh, d'áitigh Amazon freisin go raibh sé i gcomhréir le Treoirlínte ECFE agus, anuas air sin, go raibh sé i gcomhréir freisin le rialacha praghsála aistrithe agus le cleachtas riaracháin Lucsamburg ([14]).

(72) Shonraigh Amazon freisin nach é focheadúnú sócmhainní doláimhsithe amháin atá i gceist le rannchuidiú LuxSCS, ach go nglacann sé ar láimh freisin rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí LuxOpCo,

(73) D'áitigh Amazon freisin nárbh oiriúnach cur i bhfeidhm an mhodha CUP le haghaidh na gcúinsí sin. Mhaígh Amazon nach mór d'údarás cánach Lucsamburg, i gcás ar bith, tús a chur leis an anailís ar phraghsáil aistrithe ar bhonn na modheolaíochta arna roghnú ag an gcáiníocóir. Mheabhraigh Amazon freisin go dtáirgtear raon torthaí seachas praghas beacht le cur i bhfeidhm aon mhodh praghsála aistrithe go hiondúil, mar ní eolaíocht chruinn atá sa phraghsáil aistrithe agus is gá breithiúnas a fheidhmiú.

(74) Ina theannta sin, chosain Amazon bailíocht fhad an rialaithe cánach faoi chonspóid trí thuarascáil ar phraghsáil aistrithe *ex post* a choimisiúnaigh sé in 2012 ('Tuarascáil *ex post* 2012') a chur isteach. Cuireadh dhá thacar sonraí nuashonraithe den chuideachta i láthair sa tuarascáil sin: tacar amháin bunaithe ar shonraí ó 2004-2006 agus tacar eile ó 2008-2010 inar deimhníodh, dar le Amazon, gur fhan luach saothair LuxOpCo laistigh den raon ar neamhthuilleamaí i rith na tréimhse ábhartha.

([13]) I litir dar dáta an 5 Nollaig 2004, chuir Amazon in iúl do Lucsamburg nach dtabharfaí an t-athstruchtúrú i gcrích go dtí 2006 agus d'iarr gurbh infheidhme an rialú cánach faoi chonspóid le haghaidh an chéad 5 bliana ón tráth sin. An 23 Nollaig 2004, dheimhnigh Lucsamburg nach ndearna an mhoill a tuairiscíodh difear do chomhaontú an 6 Samhain 2003, ar choinníoll gur coinníodh ar bun forálacha eile na hiarrata dar dáta an 23 Deireadh Fómhair 2003.

([14]) Léiríonn Amazon an argóint sin trí thagairt do na rialacha cánach a d'eisigh Lucsamburg agus a d'fhoilsigh ICIJ. Ina measc siúd, shainaithin Amazon 97 rialú atá, dar le Amazon, bunaithe ar an modh scoilte brabúis iarmharaigh agus, laistigh de shocruithe maoiniúcháin, a leithdháileann brabús neamh-uathúil, i.e. corrlach airgeadais seasta, ar eintiteas i Lucsamburg agus leithdháiltear an brabús iarmharach ar shealbhóir ionstraime maoinithe.

6.2. **Barúlacha ó pháirtithe leasmhara eile**

(75) Chuir EPICENTER ([15]), Computer & Communications Industry Association ('CCIA'), ATOZ agus Fedil a mbarúlacha isteach inar chuir siad roinnt ábhair imní in iúl. Mheas EPICENTER nár tugadh aird sa Chinneadh Tosaigh ar an leibhéal iomchuí discréide ar gné dhílis den chleachtas praghsála aistrithe í, agus mheas sé gur sháraigh an Coimisiún a chumhachtaí dlíthiúla i gcúrsaí cánachais dhírigh trí úsáid a bhaint as na rialacha maidir le státchabhair chun dul i ngleic le hiomaíocht dhíobhálach cánach. D'áitigh ATOZ agus Fedil araon nár cheart rialacha ECFE maidir le praghsáil aistrithe a bhreithniú chun measúnú a dhéanamh ar státchabhair, mar níor cuimsíodh iad i ndlí Lucsamburg an tráth sin.

(76) Maidir le Oxfam, Booksellers Association of the United Kingdom & Ireland Ltd., the European and International Bookseller Federation, le syndicat de la librairie française, Federation of European Publishers agus le Syndicat des Distributeurs de Loisirs Culturels agus Bundesarbeitskammer, thacaigh siad le hargóintí an Choimisiúin nó chuir siad fáilte roimh imscrúduithe státchabhrach an Choimisiúin.

7. **FAISNÉIS A CHUIR CUIDEACHTA X ISTEACH**

(77) Is iomaitheoir atá ag Amazon é Cuideachta X atá gníomhach sa ghnó miondíola ar líne i margadh den Aontas agus nár theastaigh uaidh go nochtfaí a chéannacht, agus chuir sé faisnéis mhargaidh faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil leis an imscrúdú. Mhínigh sé gurb iad cliaint agus margaíocht is mó a spreagann gnó miondíola ar líne atá rathúil agus marthanach, agus dá bhrí sin tá bunachar láidir cliant agus an acmhainneacht airgeadais chun infheistíochtaí móra i margaíocht a dhéanamh ar na príomhshócmhainní chun fás sa mhargadh sin a áirithiú. Chuir Cuideachta X i dtábhacht freisin go raibh Amazon cuibheasach ionsaitheach freisin ó thaobh infheistiú sa teicneolaíocht agus sa mhargaíocht de, agus dá bhrí sin fuair sé buntáistí ar dheacair dul in iomaíocht leo.

8. **BARÚLACHA Ó ÚDARÁIS LUCSAMBURG MAIDIR LE BARÚLACHA TRÍÚ PÁIRTITHE AGUS FAISNÉIS A CHUIR CUIDEACHTA X ISTEACH**

(78) I litir dar dáta an 20 Aibreán 2015, chuir Lucsamburg in iúl gur aontaigh sé leis na barúlacha arna gcur isteach ag Amazon, FEDIL, CCIA, ATOZ agus EPICENTER, ach mheas sé nárbh ábhartha don chás na barúlacha eile a cuireadh isteach mar fhreagra ar an gCinneadh Tosaigh.

(79) An 2 Bealtaine 2016, chuir Lucsamburg isteach a bharúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir Cuideachta X isteach. Shonraigh Lucsamburg gurbh fhearr a d'fhéadfadh Amazon, mar oibreoir sa mhargadh, barúlacha a thabhairt ar an bhfaisnéis a chuir Cuideachta X isteach.

9. **AIGHNEACHT BHREISE Ó AMAZON**

(80) Ina aighneachtaí breise, sholáthair Amazon faisnéis bhreise chun a dhlisteanú, maidir leis an luach saothair le haghaidh LuxSCS agus LuxOpCo ar thacaigh an rialú cánach faoi chonspóid leis, go raibh an luach saothair sin i gcomhréir le córas cánach Lucsamburg.

(81) Thairis sin, ceistíonn Amazon cé acu atá nó nach bhfuil Cuideachta X inchomparáide le LuxOpCo iarbhír agus d'áitigh sé nár cheart an fhaisnéis a sholáthair sé a bhreithniú mar ní raibh an fhaisnéis sin ar fáil tráth ceadaithe an rialaithe cánach faoi chonspóid.

(82) Maidir le gnó ríomh-mhiondíola teicneolaíocht-lárnach Amazon, áitíonn Amazon go bhfuil an nuálaíocht teicneolaíochta ag croílár a shamhla gnó ríomh-mhiondíola atá dírithe ar sheirbhísí agus go bhfuil an nuálaíocht sin fíorthábhachtach don ghnó.

(83) Maidir leis na bagairtí criticiúla ar oibríochtaí Amazon san Eorpach, luaigh Amazon na bagairtí seo a leanas: (i) iomaíocht ríomhthráchtála, (ii) glacadh táirgí, seirbhísí agus teicneolaíochtaí nua (nó easpa glactha) i measc custaiméirí, agus (iii) dálaí áitiúla eacnamaíocha agus polaitiúla agus athruithe ar an gcreat dlíthiúil.

(84) Ina aighneachtaí breise, sholáthair Amazon ráiteas maidir le nós imeachta Chúirt Chánach na Stát Aontaithe agus tuarascáil nua-choimisiúnaithe ar phraghsáil aistrithe. Soláthraíodh an chéad cheann díobh sin chun tacú leis an ráta ríchíosa a fuair LuxSCS le linn na tréimhse ábhartha, agus ba é ab aidhm leis an tuarascáil *ex post* ní b'úire a léiriú gurbh ar neamhthuilleamaí a bhí luach saothair LuxOpCo.

([15]) Tugann EPICENTER tuairisc air féin mar thionscnamh neamhspleách de shé mheitheal mhachnaimh mhóra ar fud an Aontais Eorpaigh. Féachann sé le bonn eolais a chur faoin díospóireacht bheartais san Aontas agus prionsabail sochaí saoire a chur chun cinn trí shaineolas eacnamaíoch a chomhaltaí a thabhairt le chéile.

10. **MEASÚNÚ**

(85) De réir Airteagal 107(1) den Chonradh, aon chabhair a thabharfaidh Ballstát nó a thabharfar trí bhíthin acmhainní stáit i bhfoirm ar bith, agus a bhéarfaidh nó is baolach a bhéarfadh saobhadh ar iomaíocht trí thaobhú le gnóthais áirithe nó le soláthar earraí áirithe, ní luífidh sí leis an margadh inmheánach sa mhéid go dtéann sí i gcion ar an trádáil idir Ballstáit.

(86) Faoi mar a chinn Cúirteanna an Aontais ([16]), chun beart a cháiliú mar chabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh, ceanglaítear dá bhrí sin go gcomhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas: (i) ní mór an beart a bheith inchurtha i leith an Stáit agus a bheith maoinithe trí acmhainní Stáit; (ii) ní mór buntáiste a thabhairt dá fhaighteoir leis; (iii) ní mór an buntáiste sin a bheith roghnach; agus (iv) leis an mbeart ní mór iomaíocht a shaobhadh nó saobhadh a bhagairt agus ní mór an cumas a bheith ann difear a dhéanamh do thrádáil idir na Ballstáit.

(87) Chun críocha an chinnidh seo, is gá go háirithe scrúdú breise a dhéanamh ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann.

(88) De réir an chásdlí socair, maidir leis an gcoinníoll a bhaineann le buntáiste roghnaitheach, 'ní mór cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu, faoi chóras dlí ar leith, a thugann nó nach dtugann an beart náisiúnta i dtrácht buntáiste 'do ghnóthais áirithe nó do tháirgeadh earraí áirithe' thar ghnóthais eile atá, i bhfianaise an chuspóra a shaothraítear leis an gcóras sin, i staid inchomparáide dhlíthiúil agus fhíorasach agus a fhulaingíonn cóireáil éagsúil dá réir sin a bhféadfaí í a aicmiú mar a bheith idirdhealaitheach' ([17]).

(89) Go sonrach, d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais anailís trí chéim chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil beart cánach ar leith ina bheart roghnaitheach ([18]). Ar an gcéad dul síos, sainaithnítear an comhchóras nó an gnáthchóras cánach is infheidhme sa Bhallstát. Is é sin an 'córas tagartha'. Ar an dara dul síos, cinntear an ionann an beart cánach i gceist agus maolú ar an gcóras sin, a mhéid a dhéanann sé idirdhealú idir oibreoirí eacnamaíocha atá, i bhfianaise na gcuspóirí atá ina ndlúthchuid den chóras, i staid inchomparáide fhíorasach agus dhlíthiúil. Más rud é gur maolú atá sa bheart ar an gcóras tagartha, suitear ansin sa tríú céim den anailís cé acu a thugann nó nach dtugann cineál nó scéim ghinearálta an chórais tagartha údar leis an mbeart sin. Beart cánach ar maolú é ar chur i bhfeidhm an chórais tagartha, d'fhéadfadh sé go mbeadh údar leis dá bhféadfadh an Ballstát lena mbaineann a léiriú go n-eascraíonn an beart go díreach as bunphrionsabail nó as treoirphrionsabail an chórais cánach sin ([19]). Más amhlaidh atá, ní beart cánach roghnaitheach atá ann. Is ar an mBallstát atá an dualgas cruthúnais sa tríú céim sin.

(90) I mbreithiúnas *FIAT* ([20]), thug an Chúirt Bhreithiúnais soiléiriú breise maidir le conas an córas tagartha ábhartha a shainaithint. Chuir an Chúirt Bhreithiúnais in iúl nár cheart don Choimisiún paraiméadair agus rialacha atá lasmuigh den chóras cánach náisiúnta a bhreithniú agus an córas tagartha á chinneadh. Go sonrach, i mír 96 de bhreithiúnas *FIAT*, mheas an Chúirt Bhreithiúnais *'[d]á bhrí sin, agus scrúdú á dhéanamh ar bhuntáiste cánach roghnaíoch a bheith ann de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE agus chun an t-ualach cánach a chinneadh a bheadh le hiompar de ghnáth ag gnóthas, [nach] féidir critéir ná rialacha lasmuigh den chóras cánach náisiúnta atá faoi cheist a chur san áireamh, ach amháin má thagraíonn an córas sin go sainráite dóibh'*.

(91) I bhfianaise na bprionsabal sin, a mheabhraítear i mír 44 de bhreithiúnas *Amazon*, dheimhnigh an Chúirt Bhreithiúnais, i mír 58 den bhreithiúnas sin ([21]), cinneadh na Cúirte Ginearálta nár shuigh an Coimisiún sa Chinneadh Clabhsúir gur ann do bhuntáiste chun leasa ghrúpa Amazon, de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh. Dá bhrí sin, sheas an Chúirt Bhreithiúnais le neamhniú an Chinnidh Clabhsúir.

([16]) Cás C-399/08 P *An Coimisiún v Deutsche Post*, ECLI :EU:C:2010:481, mír 39.

([17]) Cás C-457/21 P *An Coimisiún* v *Amazon.com agus páirtithe eile*, ECLI:EU:C:2023:985, mír 33. Féach freisin Cásanna Uamtha C-451/21 P agus C-454/21 P *Lucsamburg agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2023:948, mír 106. Féach, chomh maith, C-172/03 *Heiser*, ECLI:EU:C:2005:130, mír 40.

([18]) Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08 *Paint Graphos*, ECLI:EU:C:2009:417, míreanna 49 agus 64-65. An modh trí chéim sin chun anailís a dhéanamh ar roghnaitheacht cabhrach, dearadh é chun roghnaitheacht fholaithe beart cánach buntáisteach atá ar fáil d'aon ghnóthas, de réir cosúlachta, a nochtadh: féach Cásanna Uamtha C-649/20 P, C-658/20 P, C-662/20 P, *An Spáinn agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:C:2023:60, mír 48.

([19]) Cásanna Uamtha C-78/08 go C-80/08 *Paint Graphos*, ECLI:EU:C:2009:417, mír 65.

([20]) Cásanna Uamtha C-885/19 P agus C-898/19 P *An Coimisiún* v *Fiat Chrysler Finance Europe*, ECLI:EU:C:2022:859.

([21]) Cás C-457/21 P *An Coimisiún* v *Amazon.com agus páirtithe eile*, ECLI:EU:C:2023:985: féach freisin an réasúnaíocht a leagtar amach i míreanna 41 go 50 agus 53 go 58.

(92) De bhun Airteagal 266 den Chonradh, tá sé de dhualgas dá bhrí sin ar an gCoimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnas *Amazon* a chomhlíonadh.

(93) Go deimhin, tá cinntí na Cúirte Breithiúnais i mbreithiúnas *Amazon* ábhartha go díreach chun measúnú a dhéanamh ar na hábhair amhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir leis an rialú cánach faoi chonspóid. Bunaíodh na hábhair amhrais sin, go háirithe, ar anailís ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann a bhí bunaithe ar chóras tagartha inar glacadh leis gur cuimsíodh prionsabal ECFE an fheidhmithe neamhspleách, mar a leagtar amach in Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE, i ndlí cánach Lucsamburg. Bhí an cur chuige céanna sin bunaithe ar infheidhmeacht Threoirlínte ECFE laistigh de chóras cánach Lucsamburg.

(94) Go sonrach, shonraigh an Coimisiún, sa Chinneadh Tosaigh, gur measadh gur cuimsíodh Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE sa dlí cánach náisiúnta le hAirteagal 164 LIR. Aon toradh a d'imigh ó phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách, mar a shonraítear sa Choinbhinsiún sin agus i dTreoirlínte ECFE, agus a laghdaigh an bonn cánach, chinn an Coimisiún go raibh sé d'éifeacht aige sin buntáiste a thabhairt don cháiníocóir lena mbaineann ([22]).

(95) I bhfocail eile, saintréithriú an rialaithe cánach faoi chonspóid mar státchabhair, mar a leagtar síos sa Chinneadh Tosaigh, d'eascair sé as imeacht ó phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách nó as cur i bhfeidhm mícheart an phrionsabail sin, mar a leagtar amach i Samhailchoinbhinsiún Cánach ECFE agus i dTreoirlínte ECFE.

(96) Thairis sin, maidir leis na sé hábhar amhrais a cuireadh in iúl in aithrisí 63 go 76 den Chinneadh Tosaigh, agus a mheabhraítear i roinn 4 den chinneadh seo, sonraíonn an Coimisiún go raibh siad bunaithe ar an mbonn de phrionsabal feidhmithe neamhspleách a tháinig as Airteagal 9 de Shamhailchoinbhinsiún Cánach ECFE mar a léirmhíníodh le Treoirlínte ECFE.

(97) Aithníonn an Coimisiún, áfach, gur shonraigh an Chúirt Bhreithiúnais i mír 54 de bhreithiúnas *Amazon*, nach féidir ach prionsabail a chuimsítear sa dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm chun an creat tagartha a chinneadh i gcomhthéacs na tástála trí chéim chun a léiriú gur ann do bhuntáiste roghnaitheach. Dá réir sin, leag an Chúirt Bhreithiúnais amach *'…nach ndéanfadh ach cuimsiú an phrionsabail sin [an fheidhmithe neamhspleách] ann féin sa dlí náisiúnta, lena gceanglaítear go dtagródh an dlí sin go follasach don phrionsabal sin ar a laghad, a chur ar a chumas don Choimisiún é chur i bhfeidhm chun a chinneadh gur ann do bhuntáiste roghnaitheach de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh'*.

(98) De bhreis air sin, i mír 55 de bhreithiúnas *Amazon*, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go ndearna an Coimisiún earráid, sa Chinneadh Clabhsúir, agus an creat tagartha á shuí ós rud é nach raibh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách fréamhaithe sa dlí náisiúnta. Chinn sé, i ndáiríre, *'mar a shainaithin an Coimisiún féin […], nach gcuirtear "cur i bhfeidhm phrionsabal an fheidhmithe neamhspleách ar bhonn foirmiúil go sainráite faoi dhlí cánach Lucsamburg" ach ón 1 Eanáir 2017, is é sin tar éis ghlacadh agus fhairsingiú an rialaithe cánach i gceist, le hairteagal nua den Dlí um cháin ioncaim'. Maidir leis an gceanglas a mheabhraítear sa chásdlí a luaitear sa mhír roimhe seo, suitear dá bhrí sin nár chomhlíon an Ballstát lena mbaineann an ceanglas sin tráth glactha an bhirt ar chinn an Coimisiún gur státchabhair a bhí ann, ar chaoi nárbh fhéidir leis an institiúid sin an prionsabal sin a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach sa chinneadh i gceist.'*

(99) I bhfianaise na conclúide sin, measann an Coimisiún gur gá na hábhair amhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh a chur i leataobh. Go deimhin, ós rud é gur ann don rialú cánach faoi chonspóid ón 6 Samhain 2003, glacadh é tráth nach raibh prionsabal an fheidhmithe neamhspleách cuimsithe go fóill i ndlí cánach Lucsamburg, mar is léir ó bhreithiúnas *Amazon*.

(100) Mar a mheabhraítear i mbreithiúnas *Amazon*, earráidí i gcinneadh na rialacha is infheidhme iarbhír faoin dlí náisiúnta ábhartha agus, dá bhrí sin, i sainaithint an 'ghnáthchánachais' faoinar ghá an rialú cánach faoi chonspóid a mheasúnú, fágann na hearráidí sin gur gá iomlán na réasúnaíochta a bhaineann le buntáiste roghnaitheach a bheith ann a neamhbhailíochtú ([23]).

([22]) Thagair an Coimisiún do chás státchabhrach C 49/2001, Lárionaid chomhordúcháin i Lucsamburg (IO L 170, 9.7.2003, lch. 20).
([23]) Cás C-457/21 P *An Coimisiún* v *Amazon.com agus páirtithe eile*, ECLI:EU:C:2023:985, mír 37.

(101) Mar thoradh air sin, na hábhair amhrais shonracha a chuirtear in iúl sa Chinneadh Tosaigh ná an bhunréasúnaíocht a leagtar amach ann, ní chuireann ceachtar díobh sin ar a chumas don Choimisiún a shuí gur thug Lucsamburg, leis an rialú cánach faoi chonspóid, buntáiste roghnaitheach do Amazon. Sa chinneadh sin, ní dhearna an Coimisiún measúnú ar bhuntáiste roghnaitheach a bheith ann i bhfianaise aon chóras tagartha eile, ná níor chuir sé ábhair amhrais in iúl faoi chabhair a bheith ann ar fhoras eile a bhain le buntáiste roghnaitheach a bheith ann.

(102) Na hábhair amhrais a cuireadh in iúl sa Chinneadh Tosaigh maidir le buntáiste roghnaitheach a bheith ann, ní mór don Choimisiún iad sin a chur i leataobh sa chinneadh seo, dá bhrí sin.Ós rud é gur critéir charnacha iad na critéir chun a shuí gur ann do státchabhair de bhun Airteagal 107(1) den Chonradh, ní gá measúnú a dhéanamh ar na critéir eile a leagtar amach san fhoráil sin.

11. **CONCLÚID**

(103) I bhfianaise a bhfuil thuas, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh atá sa rialú cánach faoi chonspóid a d'eisigh Lucsamburg i bhfabhar Amazon.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An rialú cánach faoi chonspóid a d'eisigh údarás cánach Ard-Diúcacht Lucsamburg an 6 Samhain 2003 i bhfabhar Amazon, d'Ard-Diúcacht Lucsamburg, níor státchabhair de réir bhrí Airteagal 107(1) den Chonradh a bhí sa rialú sin.

Airteagal 2

Is chuig Ard-Diúcacht Lucsamburg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin